"***Tá eochair ag Máistir le doras a oscailt duit a iompóidh thú id' Mháistir féin ... a chabhróidh leat an tuiscint a fháil gur Máistir thú agus go bhfuil Dia agus tusa aonta chomh maith.***
Sin go hiomlán é ... an t-aon gnó ag Máistir."

Tionscnamh: An Módh Quan Yin

Má tá iarrthóirí i ndáiríre agus spioradálta ann, tionscnaíonn Máistir Ching Hai iad agus Módh Quan Yin a úsáid Aici. An brí le Quan Yin sa tSínis ná - machnamh ar fhuaim tonnchreatha. Is é míniú an mhódha na dianmachnamh ar Sholais 's ar an Fhuaim Inmheánach, nó ar an Fhocail fé mar a glaotar air sa Bhíobla. D'fhógair Bodhisattva Manjushri san Surangama Sutra gurb é seo an módh is fearr chun léargas a shroisint. Arís 's arís eile tá sin chruthaithe le méid tagairtí sa litríocht foilsithe ag gach creidimh.

I rith tionscnaimh, tá múineadh speisialta sa mhachnaimh tugtha, agus an "seoladh spioradálta" á sholáthair ag Máistir Ching Hai. Seo an chéad uair duit i Láthair Dé, agus ócáid ciúin é gan Máistir Ching Hai go fisiciúil leat chun an doras a oscailt duit. Sa chúntais ar theacht an léargais chugat don chéad uair, go minic úsáidtear focail mar "go tobann", nó "léargas láithreach" agus iad ag trácht air.

I ndiaidh do thionscnamh, ní theastaítear uait ach cleachtadh machnaimh laethúil a dhéanamh agus módh Quan Yin a úsáid agat in éineacht le na "Cúig Eascairí" a choimeád. Le cleachtadh rialta d'fhéadfá chur le taithí bhunúsach an léargais, é a neartú 's a dhoimhne go dtí sa deireadh beidh múscailt spioradálta ar an leibhéil is airde agat, agus Buddhacht i ndán duit. Muna leanann tú leis an gcleachtadh laethúil, tá sé cinnte go n-imeoidh an léargas as do chuimhne, agus go bhfillfidh tú ar an gná leibhéil chomhfheasa.

Níl gá duit an religiún atá agat a athrú toisg go nglachann Máistir Ching Hai daoine ó gach cúlra 's creidimh agus iad ag lorg tionscnamh. Ní chuirtear éileamh ort dul isteach in aon eagraíocht, táillí bliantúil a íoch, nó rud ar bith a dhéanamh nach oireann do nós maireachtála féin.

Tá na leachtaí a thugann Máistir Ching Hai, agus an tionscnamh saor in aisce do chách.

"**Ní gá amhras ort faoi thionscnaimh ... tagann tú anseo agus cabhraím leat i dtreo 's go mbeidh tú ábalta rudaí a dhéanamh duit féin. Níor tháinig Mé ag lorg deisceabail uaibh ... ach lámh chúnta a thabhairt ionas Máistrí a dhéanamh daoibh más féidir.**"

~ An Máistir Ardcheannasach Ching Hai ~

Na Cúig Eascairí

1. **Ná déan marú.***
2. **Ná habhair bréag.**
3. **Ná tóg aon rud nár tugadh duit.**
4. **Staonadh ó mí-iompar gnéasach.**
5. **Ná tóg drugaí nó ól deoch mheisciúil.**

* Chun an t-eascaire seo a choimeád, caithfear bheith feoilséantach nó ar réim bia lacto-fheoilséantach.